2024.M24KT
Scrúdú Iarchurtha

2024L005A1IK

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# Tíreolaíocht

## Cuid a hAon agus Freagarleabhar

## Ardleibhéal

## 2 uair 50 nóiméad

400 marc

| | |
|---|---|
| Scrúduimhir | |
| Dáta Breithe | / / |
| Stampa an Ionaid | |

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú sa fhreagarleabhar seo.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin i gcás sceitsí, graf agus léaráidí.

Tá dhá chuid sa scrúdú seo. Tá na ceisteanna do **CHUID A DÓ** ar fáil ar cheistpháipéar ar leith, ach ní mór duit do chuid freagraí a scríobh sa fhreagarleabhar seo.

**CUID a hAON** Ceisteanna Gearrfhreagra **80 marc**

Freagair **DEICH** gceist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.

**CUID a DÓ** Ceisteanna Struchtúrtha agus Aiste **320 marc**

Ní mór duit tabhairt faoi **CHEITHRE** cheist. Ní mór ceist amháin as trí cinn de na ranna thíos a bheith san áireamh agat.

- Roinn 1: **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach** (Ceisteanna 1-3)
- Roinn 2: **Tíreolaíocht Réigiúnach** (Ceisteanna 4-6)
- Roinn 3: **Toghaonaid** (Ceisteanna 7-12)
- Roinn 4: **Roghaonaid** (Ceisteanna 13-24)

Féadfaidh tú an ceathrú ceist a roghnú as roinn ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.


**CUID a hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 80 MARC**

Freagair **DEICH** gceist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

**1. Tírdhreach a Aithint**




Scrúdaigh an léaráid thuas agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na litreacha, **A**, **B**, **C** agus **D** sa léaráid thuas leis an téarma is fearr a mheaitseálann é sa tábla thíos.

| Téarma | Litir |
|---|---|
| Éasc-scairp | |
| Fócas | |
| Eipealár | |
| Tonn Sheismeach | |

Freagair na ceisteanna thíos agus cuir tic (✓) sa bhosca ceart i gcás gach ceann acu.

(ii) Cén t-ainm a thugtar ar an uirlis a úsáidtear chun neart creatha talún a thomhas?

Baragraf ☐ Claonmhéadar ☐ Seismeagraf ☐

(iii) Cé acu ceann de na cineálacha seo éisc a thaispeántar sa léaráid thuas?

Gnáthéasc ☐ Frithéasc ☐ Traséasc ☐

**[8m]**

**2. Próisis Fhisiceacha**




Scrúdaigh na fótagraif thuas agus freagair na ceisteanna a leanas.


(i) Meaitseáil gach ceann de na fótagraif, **A**, **B**, **C** agus **D** leis an bpróiseas is fearr a mheaitseálann é sa tábla thíos.

(ii) I gcás gach ceann de na próisis sa tábla thíos, cuir tic (✓) sa bhosca ceart le cur in iúl cé acu próiseas cósta, próiseas abhann nó próiseas ollghluaiseachta is mó a luaitear leis.

| **C.2 (i)** | **Próiseas** | **C.2 (ii)** | | |
|---|---|---|---|---|
| **Litir** | | **Cósta** (✓) | **Abhainn** (✓) | **Ollghluaiseacht** (✓) |
| | Sleabhcadh | | | |
| | Comhbhrú | | | |
| | Srutharlú | | | |
| | Maidhm Shneachta | | | |

**[8m]**

**3.** **Tírdhreach a Aithint**




Curtha in oiriúint ó www.scoilnetmaps.ie

Scrúdaigh an sliocht as an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis thuas agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na gnéithe, **A**, **B**, **C** agus **D** ar an léarscáil, leis an téarma sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann é.

| Téarma | Litir |
|---|---|
| Airéit | |
| Murlach | |
| Comloch | |
| Cumar | |


(ii) Cén treo ina bhfuil an abhainn ag gluaiseacht ón ngné a bhfuil an lipéad **D** uirthi?


(iii) Cé acu ceann de na próisis is mó a bhfuil baint aige le foirmiú na gné a bhfuil an lipéad **A** uirthi? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Próiseas Oighreach ☐ Próiseas Abhann ☐ Próiseas Cósta ☐

**[8m]**

## 4. Carraigeacha in Éirinn










Scrúdaigh léarscáil na hÉireann agus na fótagraif de charraigeacha thuas agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na suíomhanna **A**, **B** agus **C** ar an léarscáil leis an sampla den charraig sa tábla thíos is mó a luaitear leis.

(ii) Meaitseáil gach ceann de na fótagraif, **1**, **2** agus **3**, leis an sampla den charraig sa tábla thíos is fearr a meaitseálann é.

| **C.4 (i)** Suíomh (Litir) | **Sampla de Charraig** | **C.4 (ii)** Fótagraf (Uimhir) |
|---|---|---|
| | Gaineamhchloch | |
| | Eibhear | |
| | Basalt | |

(iii) Ainmnigh an charraig mheiteamorfach a fhoirmítear nuair a athraítear gaineamhchloch de bharr teas mór agus ardbrú.

| |
|---|
| |

**[8m]**

5. **Coincheap an Réigiúin**

Comhlánaigh an tábla thíos agus meaitseáil gach ceann de na samplaí de réigiúin sa liosta leis an gcineál réigiúin sa tábla is mó a luaitear leis.

**Samplaí de Réigiúin:**

Fionnuar Measartha Aigéanach

An Ghaeltacht

Ardchlár Aontroma-Dhoire

Département Pas de Calais

Mezzogiorno

Comhairle Contae Chill Mhantáin


Imchuach Pháras

München

| Cineál réigiúin | Sampla de Réigiún |
|---|---|
| Réigiún aeráide | |
| Réigiún geomoirfeolaíoch | |
| Réigiún riaracháin in Éirinn | |
| Croí-réigiún | |
| Réigiún uirbeach | |
| Réigiún cultúrtha in Éirinn | |
| Réigiún forimeallach | |
| Réigiún riaracháin sa Fhrainc | |

**[8m]**

**6.** **Cairt Aimsire**




Curtha in oiriúint ó www.met.ie

Scrúdaigh an chairt aimsire thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna thíos. Cuir tic (✓) sa bhosca ceart le cur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis a leanas.

| | | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|---|
| (i) | Is é 1026 heicteapascal / milleabar an brú baraiméadrach os cionn an limistéir a bhfuil an lipéad **X** air. | ☐ | ☐ |
| (ii) | Tá fronta fuar os cionn an limistéir a bhfuil an lipéad **Y** air. | ☐ | ☐ |
| (iii) | Tá gaotha láidre ag séideadh os cionn na hÉireann. | ☐ | ☐ |
| (iv) | Tugtar iseabair ar línte ar chairt aimsire a cheanglaíonn limistéir a bhfuil an brú atmaisféarach céanna iontu. | ☐ | ☐ |

**[8m]**

**7.** **Scileanna Léarscáile**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo, agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Céard í an airde, ina méadair, ag an gcuaille triantánachta M 098 983?

(ii) Tomhais an fad, ina chiliméadair, atá i gcúrsa iomlán an iarnróid.

(iii) Ainmnigh an cineál foraoiseachta atá ag M 10 97.

(iv) Ríomh, ina chiliméadair chearnacha, garbhachar an tsleachta léarscáile atá ó dheas de Phríomhbhóthar Náisiúnta an N5.

**[8m]**

**8.** **Aerfótagraf agus Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Chaisleán an Bharraigh agus an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo, agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cén treo ina raibh an ceamara dírithe nuair a glacadh an t-aerfótagraf?

(ii) Cén ceann de na lochanna a leanas atá le feiceáil sa chúlra ar dheis den aerfótagraf? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

- Loch Mallaird (*Lough Mallard*) ☐
- Loch Sáilín (*Saleen Lough*) ☐
- Loch Uí Thuachair (*Tuckers Lough*) ☐


(iii) Tabhair tagairt eangaí sé fhigiúr don séipéal mór atá suite sa tulra ar chlé san aerfótagraf.

(iv) Cén t-ainm atá ar an abhainn atá le feiceáil ag rith trí thulra an aerfótagraif?

**[8m]**

**9. Aerfótagraif**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf fiar de Chaisleán an Bharraigh a ghabhann leis an bpáipéar seo agus an t-aerfótagraf ceartingearach de Chaisleán an Bharraigh thíos.





Aimsigh gach ceann de na gnéithe atá lipéadaithe **A**, **B**, **C**, **D** agus **E** thuas ar an aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Bain úsáid as an nodaireacht aitheanta chun suíomh gach ceann de na gnéithe seo ar an aerfótagraf a thabhairt sa tábla thíos. Tá ceann amháin déanta duit.

| Gné ar an Aerfótagraf Ceartingearach | Suíomh ar an Aerfótagraf fiar atá curtha ar fáil ar bhileog ar leith |
|---|---|
| **A** Limistéar faoi chrainn | An talamh láir sa lár |
| **B** Páirc spóirt agus staidiam | |
| **C** Carrchlós | |
| **D** Timpeallán | |
| **E** Páirc | |

**[8m]**

**10. Léirmhíniú ar Ghrafaicí**




Scrúdaigh an ghrafaic faisnéise thuas ina dtaispeántar na leibhéil oideachais is airde a ghnóthaigh daoine 25-64 bliana d'aois in Éirinn agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cén céatadán de dhaoine idir 25 agus 64 bliana d'aois nach raibh ach bunscolaíocht amháin acu nó a bhí gan oideachas foirmiúil?

(ii) Cén céatadán de dhaoine i mBaile Átha Cliath idir 25 agus 64 bliana d'aois nach raibh ach meánscolaíocht amháin acu?

(iii) An raibh an céatadán de dhaoine in Éirinn a raibh oideachas tríú leibhéal acu os cionn mheán an AE27 nó faoina bhun?

(iv) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** d'Éirinn a bhaineann le hoideachas tríú leibhéal a bheith ar chéatadán ard de na daoine.

**[8m]**

**11. Léirmhíniú ar Staitisticí**

**Sonraí ón Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (IFD) do Thíortha Roghnaithe**

| Tír | Ionchas saoil tráth breithe (blianta) | Meánbhlianta scolaíochta | Ollioncam Náisiúnta per capita ($) |
|---|---|---|---|
| Éire | 82.0 | 11.6 | $76,169 |
| An Pholainn | 76.5 | 13.2 | $33,034 |
| Meicsiceo | 70.2 | 9.2 | $17,896 |
| An India | 67.2 | 6.7 | $6,590 |
| An tSúdáin Theas | 55.0 | 5.7 | $768 |

Tuairiscí Forbairtí na N.A 2021

Scrúdaigh na staitisticí ón Innéacs um Fhorbairt Dhaonna thuas agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cén tír ina bhfuil ionchas saoil tráth breithe de 76.5 bliana?

(ii) Céard é an meánlíon blianta scolaíochta san India?

(iii) Ríomh an difríocht in ioncam ($) idir an tír ina bhfuil an tOllioncam Náisiúnta per capita is airde agus an tír ina bhfuil an tOllioncam Náisiúnta per capita is ísle.


(iv) Tá Éire san áit is airde i ngach ceann de na trí chatagóir as na tíortha a thaispeántar sa tábla thuas.
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**[8m]**

**12.** **Íomhánna Satailíte**

Scrúdaigh na híomhánna satailíte thíos agus freagair an cheist a leanas.




Meaitseáil gach ceann de na litreacha, **A**, **B**, **C** agus **D** atá ar na híomhánna, leis an gcur síos sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann é.

| Cur Síos | Litir |
|---|---|
| Dífhoraoisiú | |
| Brúchtadh bolcánach | |
| Deilte | |
| Dóiteáin foraoise | |

**[8m]**


## Freagarleabhar do CHUID A DÓ

### Treoracha

Tá na ceisteanna do **CHUID A DÓ** ar fáil ar cheistpháipéar ar leith.

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua. Scríobh uimhir na ceiste sa bhosca ar bharr gach leathanaigh.

Úsáid an colún ar chlé chun gach páirt a lipéadú, mar a thaispeántar thíos.




Tá ceithre leathanach grafpháipéir ar fáil ar an gcéad cheithre leathanach eile den fhreagarleabhar seo. Ar na leathanaigh grafpháipéir, tá an bosca le haghaidh uimhir na ceiste ag bun an leathanaigh.

Ní gá duit na leathanaigh ar fad sa fhreagarleabhar seo a úsáid. Mura mbíonn dóthain spáis agat sa fhreagarleabhar seo, is féidir leat breis páipéir nó grafpháipéir a lorg ón bhfeitheoir.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach le haghaidh sceitsí, graf agus léaráidí amháin.

Ceist

Ceist

Ceist

Ceist

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

| | |
|---|---|
| | |

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

| | |
|---|---|

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Tíreolaíocht Cuid a hAon agus Freagarleabhar

2 uair 50 nóiméad

2024.M24KT
Scrúdú Iarchurtha

2024L005A4IK

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# Tíreolaíocht

## Cuid a Dó

## Ardleibhéal

## 2 uair 50 nóiméad

400 marc

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear an cháipéis seo ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA agus AISTE – 320 MARC

Ní mór duit **CEITHRE** cheist a fhreagairt. Ní mór ceist amháin as trí cinn de na ranna thíos a fhreagairt.

- Roinn 1: **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach** (Ceist 1-3)
- Roinn 2: **Tíreolaíocht Réigiúnach** (Ceist 4-6)
- Roinn 3: **Toghaonaid** (Ceist 7-12)
- Roinn 4: **Roghaonaid** (Ceist 13-24)

Is féidir an ceathrú ceist a roghnú as roinn ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR INA BHFUIL CUID A hAON***

## ROINN 1
## PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH

**Ceist 1 go 3**

Ta 80 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 1

**1A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.

Ar an tsracléarscáil, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- Achar iomlán Loch Roisín (*Lough Rusheen)* i lár na léarscáile
- An limistéar talún iomlán atá os cionn 300 méadar siar ó oirlíne 12
- Limistéar coillearnaí duillsiltí in iardheisceart na léarscáile
- Cúrsa iomlán An tSiúir ó M 180 923 go M 139 903, áit a dtéann sí isteach i Loch Chaisleán an Bharraigh (*Lannagh/Castlebar Lough*).

**[20m]**

**1B. Carraigeacha Meiteamorfacha**

Scrúdaigh foirmiú na gcarraigeacha meiteamorfacha, agus tagair do shamplaí in Éirinn.

**[30m]**


**1C. Teorainneacha Plátaí**

Tabhair cur síos agus míniú ar theorainneacha plátaí scriosacha, agus tagair do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[30m]**

## Ceist 2

### 2A. Tírdhreacha Carstacha




Scrúdaigh an léaráid thuas ina dtaispeántar tírdhreach carstach agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh gach ceann de na gnéithe dromchla atá lipéadaithe **A** agus **B** sa léaráid thuas.

(ii) Ainmnigh na gnéithe faoi thalamh atá lipéadaithe **C**, **D** agus **E** sa léaráid thuas.

(iii) Luaigh cé acu fíor nó bréagach atá an ráiteas a leanas:
Is abhainn athsceite é an cineál abhann atá ag **F**.

(iv) Ainmnigh an cineál síonchaithimh cheimicigh is mó a luaitear le foirmiú tírdhreacha charstaigh.

(v) Luaigh céard is brí leis an téarma *carraig thréscaoilteach*.

(vi) Céard é an téarma a thugtar ar na gága ceartingearacha a fhaightear in aolchloch?

**[20m]**

### 2B. Idirghníomhaíocht an Duine le Próisis Dromchla

'Bíonn tionchar ag gníomhaíocht an duine ar phróisis dromchla.'

Scrúdaigh an ráiteas seo maidir le ceann **amháin** acu seo a leanas:

- An tionchar a bhíonn ag bearta rialaithe tuilte ar phróisis abhann
- An tionchar a bhíonn ag bearta cosanta cósta ar phróisis chósta
- An tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí an duine ar phróisis ollghluaiseachta.

**[30m]**


### 2C. Gníomhaíocht Theicteonach – Tírdhreach na hÉireann

Scrúdaigh an tionchar a bhí ag gníomhaíocht theicteonach ar thírdhreach na hÉireann.

**[30m]**

## Ceist 3

### 3A. Struchtúr an Domhain




Curtha in oiriúint ó www.nationalgeographic.com

Scrúdaigh an léaráid de struchtúr an domhain thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh gach ceann de shraitheanna an domhain a bhfuil na lipéid **A, B, C** agus **D** orthu.

(ii) Ainmnigh pláta teicteonach **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat.

(iii) Céard é an téarma a thugtar ar charraig leáite faoi dhromchla an domhain?

(iv) Ainmnigh **ceann amháin** de na príomh-mhianraí as a bhfuil an chuid den domhan a bhfuil an lipéad **B** uirthi thuas comhdhéanta.

(v) Ainmnigh an próiseas ina mbrúitear pláta teicteonach amháin faoi cheann eile.

(vi) Mínigh go hachomair conas a ghluaiseann plátaí teicteonacha.

**[20m]**

### 3B. Iseastatacht

Scrúdaigh conas a théann iseastatacht i bhfeidhm ar an tírdhreach cósta agus/nó ar an tírdhreach abhann.

**[30m]**

### 3C. Próisis Dromchla

**Freagair** (i) **nó** (ii)

(i) Scrúdaigh ról **phróisis an chreimthe** ar fhoirmiú tírghné abhann **amháin nó** ar fhoirmiú tírghné cósta **amháin nó** ar fhoirmiú tírghné oighrí **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**Nó**

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar na tosca a rialaíonn oibriú próisis ollghluaiseachta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## ROINN 2
## TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH

**Ceist 4 go 6**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 4

### 4A. Scileanna Léarscáile

Tarraing léarscáil imchrutha de réigiún **Ilchríochach** / **Fo-ilchríochach** a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ar an léarscáil, taispeáin agus ainmnigh gach ceann díobh seo a leanas:

- Imchruth gné ainmnithe rilífe (ar thalamh ard nó ar thalamh íseal)
- Lárionad uirbeach ainmnithe
- Bóthar nó nasc iarnróid ainmnithe
- Cúrsa abhann ainmnithe.

**[20m]**

### 4B. Coincheap an Réigiúin

Scrúdaigh conas is féidir ceann **amháin** acu seo thíos a úsáid le réigiúin chultúrtha a shainiú, agus tagair do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu:

- Teanga
- Reiligiún.

**[30m]**

### 4C. Gníomhaíocht Gheilleagrach

Scrúdaigh **dhá** thoisc a imríonn tionchar ar fhorbairt ghníomhaíocht gheilleagrach threasach **amháin** i réigiún san **Eoraip** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## Ceist 5

### 5A. Iompar san Aontas Eorpach

Líon paisinéirí (ina milliúin) in aerfoirt roghnaithe san Aontas Eorpach (AE)

| Aerfoirt | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|
| Frankfurt | 71 | 19 | 25 |
| Orly-Páras | 32 | 11 | 16 |
| Baile Átha Cliath | 33 | 7 | 8 |
| Charles De Gaulle-Páras | 76 | 22 | 26 |
| Barcelona | 52 | 12 | 18 |
| Schiphol-Amstardam | 72 | 21 | 25 |
| Maidrid | 60 | 17 | 23 |

Curtha in oiriúint ó Eurostat

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar an líon paisinéirí in aerfoirt roghnaithe san AE ó 2019 go 2021 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén t-aerfort ina raibh an líon ba mhó paisinéirí in 2019?

(ii) Cé mhéad paisinéir (ina milliúin) a bhí ag aerfort Orly-Páras in 2021?

(iii) Ainmnigh an **dá** aerfort a raibh an líon céanna paisinéirí (ina milliúin) acu in 2021.

(iv) Ríomh an meánlíon paisinéirí (ina milliúin) a bhí in aerfort Barcelona le haghaidh 2019, 2020 agus 2021.

(v) Mínigh go hachomair fáth **amháin** ar thit líon na bpaisinéirí in 2020.

(vi) Mínigh go hachomair fáth **amháin** a bhfuil tábhacht ag baint le hiompar aeir i gcás na hÉireann.

**[20m]**

### 5B. Réigiúin Shocheacnamaíocha

Scrúdaigh na cúiseanna **agus** na hiarmhairtí a bhaineann le meath tionsclaíochta agus tagair do réigiú(i)n ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.

**[30m]**


### 5C. Gníomhaíocht Gheilleagrach Phríomhúil – Talmhaíocht

Mínigh forbairt na talmhaíochta i réigiún **Ilchríochach** / **Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## Ceist 6

### 6A. Ioncaim ar Fheirmeacha de réir cineál feirme




Scrúdaigh an ghrafaic thuas ina dtaispeántar ioncaim ar fheirmeacha teaghlaigh de réir earnála in Éirinn ó 2019 go 2022, agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cén t-ioncam feirme (in €) a bhí ag feirmeoirí curaíochta in 2020?

(ii) Ainmnigh **dhá** chineál feirme ar thit an t-ioncam iontu ó 2021 go 2022.

(iii) Cén méadú a tháinig ar ioncaim (in €) ar fheirmeacha déiríochta idir 2019 agus 2022?

(iv) Ríomh an t-athrú san ioncam ar fheirmeacha caorach idir 2019 agus 2022.

(v) Mínigh go hachomair céard is brí leis an téarma *feirmeoireacht curaíochta*.

(vi) Mínigh go hachomair conas a théann ioncaim níos airde ar fheirmeacha chun tairbhe na hÉireann.

**[20m]**

### 6B. An tAontas Eorpach

Mínigh **gach ceann** de na dúshláin thíos atá roimh bhallstáit an Aontais Eorpaigh faoi láthair:

- Dúshláin shóisialta
- Dúshláin eacnamaíochta.

**[30m]**

### 6C. Forbairt Uirbeach

Scrúdaigh na tosca a d’imir tionchar ar fhorbairt limistéir uirbigh **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## ROINN 3

## TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha (Ceist 7, 8 agus 9)**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine (Ceist 10, 11 agus 12)**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

**Ceist 7 go 9**

## Ceist 7

**7A. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Chaisleán an Bharraigh a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf, leath an fhaid agus leath an leithid.

Ar an tsracléarscáil, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann acu seo thíos mar is ceart:

- Loch
- **Dhá** shráid a nascann le chéile
- Carrchlós sa tulra ar chlé
- Staidiam spóirt.

**[20m]**

**7B. Cuideachta Ilnáisiúnta**

Scrúdaigh conas a imríonn an domhandú tionchar ar an trádáil dhomhanda agus tagair d'oibríochtaí cuideachta ilnáisiúnta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[30m]**

**7C. Beartas an Aontais Eorpaigh**

Scrúdaigh tionchar bheartas an Aontais Eorpaigh ar fhorbairt na gníomhaíochta geilleagraí príomhúla in Éirinn.

**[30m]**

## Ceist 8

### 8A. Ídiú Fuinnimh

Ídiú Fuinnimh san Aontas Eorpach (%) de réir Cineál Breosla i mBlianta Roghnaithe

| Cineál Breosla | 2006 | 2016 | 2021 |
|---|---|---|---|
| Fuinneamh núicléach | 15.6 | 14.4 | 14.1 |
| Fuinneamh in-athnuaite agus Bithbhreoslaí | 8.5 | 15.1 | 19.0 |
| Ola | 33.5 | 30.9 | 28.7 |
| Gás Nádúrtha | 22.9 | **X** | 24.6 |
| Breoslaí Iontaise Soladacha | 18.5 | 16.2 | 12.1 |
| Eile | 1 | 1.5 | 1.5 |

Curtha in oiriúint ó Eurostat

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar ídiú fuinnimh san Aontas Eorpach (AE) in 2006, 2016 agus 2021. Freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén cineál breosla ba mhó a úsáideadh in 2006?

(ii) Ainmnigh **dhá** chineál breosla ar thit an t-ídiú céatadánach díobh idir 2006 agus 2021.

(iii) Ríomh **X**, an t-ídiú fuinnimh iomlán (%) de ghás nádúrtha in 2016.

(iv) Tabhair sampla **amháin** d'fhuinneamh in-athnuaite.

(v) Mínigh go hachomair **dhá** fháth ar bhfuil méadú tagtha ar ídiú fuinnimh in-athnuaite agus ar ídiú fuinnimh bithbhreoslaí ó 2006 go 2021.

**[20m]**

### 8B. Coilíneachas

Scrúdaigh na dúshláin de bharr coilíneachais atá roimh gheilleagar i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

### 8C. Suíomh na Gníomhaíochta Geilleagraí

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolas de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair an cheist a leanas.

Pléigh **trí** chúis a bhfuil limistéar Chaisleán an Bharraigh ina shuíomh oiriúnach le haghaidh fhorbairt na turasóireachta. Úsáid fianaise ó léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis chun tacú le gach cúis acu.

**[30m]**

## Ceist 9

### 9A. Gníomhaíocht Gheilleagrach

An líon gluaisteán nua a cláraíodh
in Éirinn i mí Eanáir

| Bliain | Líon gluaisteán (ina mílte) |
|---|---|
| 2013 | 16 |
| 2015 | 28 |
| 2017 | 40 |
| 2019 | 37 |
| 2021 | 30 |
| 2023 | 25 |

Curtha in oiriúint ó POS

Scrúdaigh na sonraí thuas ina dtaispeántar an líon gluaisteán nua a cláraíodh in Éirinn i mí Eanáir ó 2013 go 2023, agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Úsáid grafpháipéar agus tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

(ii) Mínigh go hachomair fáth **amháin** ar féidir clárú gluaisteán nua a úsáid mar tháscaire maith ar rath geilleagrach.

**[20m]**

### 9B. Forbairt Inbhuanaithe

Scrúdaigh conas is féidir gníomhaíochtaí geilleagracha a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe lena dtionchar ar an gcomhshaol a rialú.

**[30m]**

### 9C. Gníomhaíocht Gheilleagrach i nGeilleagar Forbartha

Scrúdaigh forbairt ceann **amháin** díobh seo thíos maidir le geilleagar forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Tionscail gan chuing
- Seirbhísí airgeadais
- Ollturasóireacht.

**[30m]**

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE

**Ceist 10 go 12**

## Ceist 10

**10A. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Chaisleán an Bharraigh a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf, leath an fhaid agus leath an leithid.

Ar an tsracléarscáil, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann acu seo thíos mar is ceart:

- Abhainn
- Séipéal
- Timpeallán
- Droichead.

**[20m]**

**10B. Fadhbanna Uirbeacha**

Pléigh conas is féidir le **dhá** cheann ar bith de na fadhbanna a leanas teacht chun cinn de bharr fás lárionaid uirbigh, maidir le sampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu:

- Plódú tráchta
- Meathlú uirbeach
- Sraoilleáil uirbeach.

**[30m]**

**10C. Dinimic Daonra**


Scrúdaigh an tionchar/an iarmhairt a bhíonn ag ceann **amháin** ar bith de na tosca a leanas ar leibhéil athraithe daonra, agus tagair do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu:

- Forbairt acmhainní
- Leibhéil ioncaim
- An tsochaí agus cultúr.

**[30m]**

## Ceist 11

### 11A. Pirimidí Daonra




www.reddit.com

Scrúdaigh na pirimidí daonra thuas agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cén phirimid ina bhfuil an céatadán is airde de dhaoine san aoisghrúpa 50-54?

(ii) I bPirimid **A**, cén t-aoisghrúpa ina bhfuil an céatadán is airde fireannach?

(iii) Cén phirimid daonra, Pirimid **A** nó Pirimid **B,** ina bhfuil an ráta báis is airde? Tagair do struchtúr na pirimide, agus tabhair giota **amháin** fianaise le tacú le do fhreagra.

(iv) Cé acu ceann de na Pirimidí, **A** nó **B**, a sheasann do thír sa domhan forbartha? Ainmnigh sampla **amháin** de thír fhorbartha.

(v) Mínigh go hachomair **dhá** dhúshlán atá roimh thír a bhfuil pirimid daonra aici amhail Pirimid **A**.

**[20m]**

### 11B. Talamhúsáid Uirbeach

Scrúdaigh conas a tháinig athrú ar ionad **dhá** cheann de na talamhúsáidí a leanas i gcathair in Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat uirthi:

- Talamhúsáid thionsclaíoch
- Talamhúsáid tithíochta
- Talamhúsáid tráchtála.

**[30m]**

### 11C. Dáileadh Lonnaíochta

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 de Chaisleán an Bharraigh de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Úsáid fianaise ón léarscáil agus mínigh an éagsúlacht i ndáileadh na lonnaíochta sna limistéir ó thuaidh ó Thuaidhlíne 93 agus ó dheas de Thuaidhlíne 93.

**[30m]**

## Ceist 12

### 12A. Daonra Uirbeach

Daonra uirbeach mar céatadán
(%) den daonra iomlán in 2020

| Tír | 2020 |
|---|---|
| An Airgintín | 92% |
| Ceanada | 82% |
| Éire | 66% |
| An Indinéis | 58% |
| An Nigéir | 54% |
| An India | 35% |

Curtha in oiriúint ó www.worldbank.org

Scrúdaigh na sonraí thuas ina dtaispeántar an daonra uirbeach mar chéatadán den daonra iomlán i dtíortha roghnaithe in 2020.

(i) Úsáid grafpháipéar agus tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

(ii) Mínigh go hachomair dúshlán **amháin** atá roimh thíortha ina bhfuil sciar mór den daonra ag cur fúthu i gceantair uirbeacha.

**[20m]**

### 12B. Imirce

Tabhair cur síos agus míniú ar na hathruithe atá tagtha ar phatrúin na himirce isteach go hÉirinn agus amach as Éirinn ó 1950 i leith.

**[30m]**

### 12C. Teoiric an Lárionaid

Tabhair cur síos agus míniú ar Theoiric an Lárionaid agus tagair do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.

**[30m]**

**ROINN 4**

**ROGHAONAID**

## Ceist 13 go 24

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

## Idirspleáchas Domhanda

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**13.** Scrúdaigh an tionchar is féidir le cúnamh a imirt ar chúrsaí forbartha.

**[80m]**

**14.** Scrúdaigh cúiseanna agus iarmhairtí ceann **amháin** ar bith de na saincheisteanna comhshaoil dhomhanda a leanas:

- Téamh domhanda
- Dífhoraoisiú
- Fairsingiú fásaigh.

**[80m]**

**15.** Is samhail don fhorbairt sa todhchaí í an inbhuanaitheacht.
Pléigh an ráiteas seo maidir le **trí cinn** díobh seo a leanas:

- Úsáid acmhainní
- Trádáil chóir
- Ceisteanna ceartais
- Féintuilleamaí.

**[80m]**

## Geo-éiceolaíocht

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**16.** Scrúdaigh an tionchar a bhíonn ag ábhar mianrach, aer, uisce agus ábhar orgánach ar fhorbairt ithreacha.

**[80m]**

**17.** Scrúdaigh conas a théann **gach ceann** de na gníomhaíochtaí a leanas i bhfeidhm ar bhithóim:

- Foraoiseacha trópaiceacha báistí a leagan
- Dianchleachtais talmhaíochta
- Forbairt tionsclaíochta.

**[80m]**

**18.** D'fhorbair patrúin éagsúla ithreach de bharr gníomhaíocht próiseas éagsúil foirmithe ithreach. Pléigh é sin.

**[80m]**

## Cultúr agus Ionannas

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**19.** Scrúdaigh na tionchair a imríonn teorainneacha polaitiúla agus / nó teorainneacha fisiceacha ar ghrúpaí cultúrtha.

**[80m]**

**20.** 'Tá a lán tosca ilchineálacha ann a shainíonn féiniúlacht chultúrtha.'
Scrúdaigh an ráiteas seo maidir le cás-staidéar ar réigiún san Eoraip a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[80m]**

**21.** Scrúdaigh na straitéisí a cuireadh i bhfeidhm nó a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun cuidiú le teangacha mionlaigh maireachtáil.

**[80m]**

## Comhshaol an Atmaisféir agus na nAigéan

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**22.** Tabhair cur síos agus míniú ar na saintréithe a bhaineann le cineál **amháin** aeráide domhanda a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[80m]**

**23.** Téann malartuithe uisce idir aigéin agus an t-atmaisféar, thar dhromchla an domhain, i bhfeidhm ar an bhfrasaíocht agus ar phatrúin a dáilte.
Pléigh é sin.

**[80m]**

**24.** Bíonn tionchar ag saintréithe aeráide ar fhorbairt gheilleagrach.
Pléigh an ráiteas seo maidir le cúrsaí talmhaíochta.

**[80m]**

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacs nó íomhánna ar an scrúdpháipéar seo nach bhfuil cóipcheart ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit orthu agus d'fhéadfadh sé go ndearnadh na nithe sin a oiriúnú, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Ardteistiméireacht – Ardleibhéal

# Tíreolaíocht Cuid a Dó

2 uair 50 nóiméad